

Dámhachtain Sparánachta do Chleachtóir Cruthaitheachta 2027

Treoirlínte le haghaidh Iarratas

Dátaí Tábhachtacha

- **Spriocdháta le haghaidh ceisteanna:** 17 Samhain 2026, 12.00pm
- **An dáta deiridh d'iarratais:** 19 Samhain 2026, 12.00pm
- Tá Dámhachtainí Sparánachta do Chleachtóir Cruthaitheachta 2027 faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, agus beidh siad le ceadú trí phróiseas Buiséid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Táthar ag súil le torthaí an phróisis iarratais go luath san Earrach 2027.
- Déan iarratas ar líne ar **Submit**.

Sula dTosaítear ar Iarratas:

- Léigh na treoirlínte seo go cúramach le do thoil.
- Má theastaíonn cúnamh uait le d'iarratas nó má bhíonn deacracht agat rochtain a fháil ar ár seirbhísí ar líne, déan teagmháil linn trí ríomhphost a sheoladh chuig arts@galwaycity.ie nó glaoigh ar **091 536400**.

Forléargas ar Scéim Sparánachta do Cleachtóir Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

De réir **an Achta Ealaíon, 2003**, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag lorg iarratais ar an **Sparánacht do Chleachtóir Cruthaitheachta 2027**, ó chleachtóirí cruthaitheacha atá ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe.

Is é is aidhm leis an sparánacht ná tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do dhaoine aonair trí:

- Suim an phobail sna healaíona a spreagadh.
- Eolas, tuiscint agus cleachtadh ar na healaíona a chur chun cinn.
- Feabhas a chur, ó thaobh caighdeáin, ar chúrsaí ealaíon i réimse feidhme Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Tacaíocht a thabhairt do réimeas ealaíon atá inmharthanach, bríomhar agus iléagsúil.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tugtha do bhonn daingean a choinneáil faoi réimeas ealaíon atá inmharthanach, bríomhar agus iléagsúil i gCathair na Gaillimhe, lena n-áirítear sparánachtaí a chur ar fáil do chleachtóirí cruthaitheacha.

Tacaíochtaí na Sparánachta do Chleachtóir Cruthaitheachta

- Forbairt agus cur i láthair an tsaothair nua, saothar a mbeadh tionchar suntasach aige ar chleachtas cruthaitheachta gairmiúil an iarratasóra.
- Costais a bhaineann le saothar ealaíne nua ar leith a chruthú, lena n-áirítear saothar a chruthú le haghaidh taispeántais, lena fhoilsiú nó le haghaidh cur i láthair. D'fhéadfadh na costais a bhaineann le hábhair, am an ealaíontóra agus spás a fháil ar cíos a bheith incháilithe.
- Costais riachtanacha chun saothar cruthaitheach ar leith a chur i láthair, a scaipeadh, a léiriú, a fhoilsiú, a tháirgeadh nó a chur ar taispeáint.
- Deiseanna maidir le forbairt ghairmiúil, meantóireacht, oideachas nó oiliúint (ní áirítear staidéar tríú leibhéal).
- Taighde, am, stiúideo ar cíos, spá ar cíos, saineolas speisialaithe agus tacaíochtaí eile is gá chun forbairt nó athrú suntasach maidir le saothar an chleachtóra cruthaitheachta a éascú.

Treoir Bhreise

- Is le haghaidh gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl le linn **2027** iad na sparánachtaí.
- Ní mór gach caiteachas deimhnithe a bheith tabhaithe idir **Eanáir 2027 agus Meán Fómhair 2027.**

- Ní bhronnfar maoiniú ach ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus beidh sé faoi réir an maoiniú atá ar fáil.
- Is maoiniú teoranta agus próiseas iomaíoch atá i gceist; dá bhrí sin, ní bheidh rath ar na hiarratasóirí ar fad. In 2026, fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe 80 iarratas agus bronnadh sparánacht ar 33 iarratasóir.
- Níl aon dul thar chinneadh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Incháilitheacht

Cé atá Incháilithe?

- Cleachtóirí cruthaitheachta aonair.
- Chun críocha na sparánachta seo, is duine é cleachtóir cruthaitheachta a chothaíonn cleachtas ealaíonta gníomhach agus atá páirteach go soiléir i réimse gairmiúil a bhfoirme ealaíne agus a bhfuil eolas air laistigh den réimse sin.
- Iarratasóirí atá ina gcónaí i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Cé nach bhfuil incháilithe?

- Eagraíochtaí agus grúpaí.
- Iarratasóirí atá ina gcónaí lasmuigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Céard nach dtacaítear leis?

Níl na gníomhaíochtaí agus costais seo incháilithe:

- Taisteal idirnáisiúnta agus costais ghaolmhara.
- Costais a bhaineann le hoideachas tríú Leibhéal fochéime nó iarchéime.
- Tionscnaimh atá mar chuid de ghníomhaíocht tiomsaithe airgid do charthanacht.
- Ceannacháin chaipitil, lena n-áirítear píosaí móra trealaimh amhail ríomhairí glúine, ríomhairí deisce, táibléid, fóin phóca, crua-earraí agus bogearraí TFC, uirlisí, trealamh taifeadta agus rudaí eile cosúil leo sin.
- Trealamh nach bhfuil riachtanach go díreach ná go soiléir chun an ghníomhaíocht atá á maoiniú a chur i gcrích.
- Gníomhaíochtaí iardhearcach.

- Cúrsaí ealaíon neamhghairmiúla nó cúrsaí acadúla nach mbaineann go díreach le cleachtas ealaíon gairmiúil.

Maoiniú Poiblí

Meabhraítear don iarratasóir gur gá aird ar chúrsaí soiléire, rialachais, luach an airgid agus cothroime, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nuair is airgead poiblí atá á chaitheamh. Is féidir eolas breise a fháil anseo.

Sa chás go bhfaigheann iarratasóir deontas ó ghníomhaireacht/eagraíocht eile arna maoiniú go poiblí, tá ceangailte ar an deontaí, mar choinníoll ag gabháil leis an gcistíocht, dearbhú a thabhairt nach dtarlóidh aon dúbailt cistíochta maidir leis an ngníomhaíocht/tionscadal céanna.

Ní mór taifid airgeadais a sheoltar ar ais chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bheith ina dtaifid chríochnúla agus d'fhéadfaí iniúchóireacht a dhéanamh orthu.

Measúnú ar Iarratais

- Coinnítear i gcuimhne gur bunaithe ar an eolas ar fad a chuirtear ar fáil a dhéantar iarratas a mheas agus sin ar bhonn iomaíochta.
- Cuirtear clár/tráthchlár don tionscadal ar fáil.
- Bí cinnte go bhfuil an cháipéisíocht ar fad a éilítear isteach leis an iarratas.
- Ní foláir gach cuid den ábhar taca a bhaineann le hábhar a chur faoi bhráid in éineacht leis an iarratas ó tharla nach féidir glacadh le haon iarratas a bheidh déanach ná le hábhar atá fós ina dhréacht.
- Tá teorainn leis na cistí agus is próiseas iomaíochta atá i gceist. Ní éireoidh, dá réir sin, le gach iarratasóir agus d'fhéadfadh gur suim níos ísle ná an tsuim a iarraidh a thairgeofar do na hiarratasóirí dá gceadaítear deontas. Ní dhéanfar cistí a cheadú mura sásaítear na critéir atá leagtha síos ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an iarratas. Tugtar chun aire go gcoimeádtar de cheart ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe an luach dámhachtana a leasú faoi réir na mbuiséad atá ar fáil nó choinníollacha na tairisceana.
- **Nuair a chuireann tú d'iarratas isteach, gheobhaidh tú ríomhphost admhála uathoibrithe ón ardán Submit. Is ortsa atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon ag arts@galwaycity.ie mura bhfaigheann tú dearbhú maidir le hiarratas a chur isteach.**
- Moltar duit d'iarratas a uaslódáil 48 uair an chloig ar a laghad roimh an spriocdháta fógartha. Ar an mbealach sin, má bhíonn fadhb theicniúil agat,

beidh am agat teagmháil a dhéanamh linn agus cúnamh a fháil chun an cheist a réiteach.

- Is é an **17 Samhain 2026** an dáta deiridh le haghaidh tacaíocht theicniúil agus fiosruithe a bhaineann le hiarratais. B'fhéidir nach mbeifí in ann iarratais a fhaightear tar éis an dáta a réiteach mar gheall ar an líon mór iarratasóirí a úsáideann an córas ar líne.
- Ní bheidh foireann na hOifige Ealaíon ar fáil le haghaidh cruinnithe le hiarratasóirí le linn tréimhse iarratais na sparánachta.
- Dícháileofar aon iarratasóir a dhéanfaidh canbhasáil.

Riachtanais maidir le hÁbhar Tacaíochta

Ní mór d'iarratasóirí an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Samplaí de shaothar a rinneadh roimhe seo a léiríonn a gcleachtas ealaíonta.
- Ábhar tacaíochta atá lipéadaithe go soiléir, ábhartha don iarratas agus inrochtana ag meastóirí.
- Seiceáil go n-oibríonn aon naisc a chuireann tú isteach agus go dtugann siad an té a bheidh ag breathnú air chuig an bhfoinse cheart. Déan cinnte go bhfuil ceadanna féachana d'ábhair socraithe ar "Poiblí". Ní dhéanfar ábhar tacaíochta atá socraithe ar "Príobháideach" a mheas mar chuid de d'iarratas.
- Curriculum Vitae (CV).
- Más infheidhme, CVanna agus luachanna do chomhoibritheoirí, meantóirí etc.
- Fianaise maidir le gníomhaíochtaí pleanáilte (e.g. glacadh ó shiompóisiam, conradh le meantóir) más ábhartha.
- Buiséad lena dtugtar míniú mion ar chostais ar fad na gníomhaíochta atá beartaithe agat.
- Eolas faoi aon fhoinsí maoinithe eile má tá iarratas á dhéanamh ar thacaíocht mar chuid de thionscadal níos mó.

CRITÉIR

Déantar iarratais a mheas, a mharcáil agus a ualú trí leas a bhaint as na critéir seo:

Critéir	Ualach
Ealaíonta	40%

Straitéiseach	30%
Oibríochtúil	30%

A. **EALAÍONTA**

- Uaillmhian ealaíonta na gníomhaíochta atá beartaithe.
- Caighdeán an tsaothair ealaíne a léirítear sna hábhair tacaíochta.
- Caighdeán na gníomhaíochta ealaíne atá beartaithe.
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chleachtas cruthaitheachta an duine aonair.

D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nó ar torthaí saothar roimhe seo (ar nós taispeántas) i ndiaidh 2027 mar thorthaí pleanáilte, más ábhartha.

B. **STRAITÉISEACH:**

Ábharthacht straitéiseach i gcomhthéacs réigiúnach/náisiúnta, ar nós:

- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do thionscadal nó gníomhaíocht ar dhaoine eile, mar shampla, ar fhoirm ealaíne, ar chleachtóirí, nó ar lucht spéise, nó aghaidh a thabhairt ar chleachtais a fhorbairt a mbaineann dúshláin shonracha, gheilleagracha nó eile leo.
- Conas mar a thagann an ghníomhaíocht atá beartaithe le tosaíochtaí Chathair na Gaillimhe, réigiúnacha nó náisiúnta? D'fhéadfadh tú tagairt a dhéanamh do Treoracha Nua: Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021-2026 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nó do thaighde, saineolas, athbhreithnithe, nó straitéisí eile atá ábhartha.

C. **OIBRÍOCHTÚIL**

- Indéantacht an togra: Cuir do phlean, amlíne, buiséad, agus fianaise ar do chumas an ghníomhaíocht a chur i gcrích san áireamh.
- Fianaise dhoiciméadach ar do ghníomhaíocht bheartaithe ar nós glacadh ó siompóisiam, conradh le meantóir, nó litreacha tacaíochta.
- An plean maidir leis an bpróiseas cruthaitheach; torthaí cruthaitheachta, do chuid smaointe, agus doiciméid airgeadais a dhoiciméadú i dtuarascáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Ní mór an ghníomhaíocht mhaoinithe agus úsáid na gcistí a chur i gcrích in 2027.

COINNÍOLLACHA D'IARRATASÓIRÍ A nÉIRÍONN LEO

- Ní mór an maoiniú a bheith caite faoin 30 Samhain 2027.
- Bronnfar an maoiniú ina dhá leith: íoctar 50% nuair atá an comhaontú sínithe agus íoctar 50% nuair atá an ghníomhaíocht curtha i gcrích agus an tuarascáil deiridh curtha ar aghaidh.

Pá Ealaíontóirí:

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe dúthrachtach faoi ealaíontóirí a íoc go cothrom agus go cóir. Féach Treoir na Comhairle Ealaíon maidir le cleachtais íocaíochta córa.

SAORÁIL FAISNÉISE:

Molann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gcuirfí an fhaisnéis seo a leanas faoin iarratas ar dheontas seo ar fáil ach í a iarraidh:

- Ainm iarratasóirí a n-éiríonn leo.
- Na cúiseanna nár éirigh le hiarratasóir cáiliú i dtaca le deontas a bhreithniú.

Tá fáilte romhat aiseolas a iarraidh mura gcáilíonn d'iarratas le haghaidh maoinithe.

D'fhéadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a nochtadh mar freagra ar iarraidh faoin **Acht um Shaoráil Faisnéise 2014**.Iarrtar ar iarratasóirí a mheas cé acu ar chóir nó nár chóir aon chuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh mar gheall ar a híogaireacht.

Más amhlaidh an cás, ba chóir d'iarratasóirí, le linn dóibh an fhaisnéis a chur ar fáil, an t-ábhar íogair sin a thabhairt le fios agus na cúiseanna a bhfuil sé íogair a mhíniú.

Mura gcuirtear faisnéis dá leithéid in iúl mar fhaisnéis íogair agus mura measann Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur faisnéis íogair atá i gceist i ndiaidh í a bhreithniú, d'fhéadfaí faisnéis dá leithéid a nochtadh mar fhreagra ar iarraidh faoi Shaoráil Faisnéise gan dul i gcomhairle arís eile leis na hiarratasóirí.

Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le haon iarratasóirí maidir le faisnéis íogair sula ndéantar cinneadh faoi aon iarraidh faoi Shaoráil Faisnéis a fhaightear.

Foilseofar sonraí maidir le hiarratasóirí a n-éiríonn leo ar ár suíomh gréasáin agus ar chainéil ar na meáin shóisialta. Chun eolas a chur ar fhorálacha an Achta, féach ar www.foi.gov.ie.

Déan iarratas: 19 Samhain 2026

COSAINT SONRAÍ

Déanfar an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaightear a choinneáil i gcomhréir lenár bPolasaí Cosanta Sonraí, atá ar fáil ar Comhairle Cathrach na Gaillimhe Ráiteas Príobháideachta

---

CEISTEANNA

Seol ríomhphost chuig arts@galwaycity.ie le 'Sparánacht do Chleachtóir Cruthaitheachta 2027' sa líne ábhair.